Údarás na Gaeltachta

**Cuireadh chun Tairisceana**

**le haghaidh**

# Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann"

<table>
<tr><td>Nós Imeachta</td><td>OSCAILTE</td></tr>
<tr><td>Aitheantas eTenders an IAT</td><td>185801</td></tr>
<tr><td>Dáta Eisiúna</td><td>05 Márta 2021</td></tr>
<tr><td>Dáta Dúnta le haghaidh Fiosruithe</td><td>16 Márta 2021</td></tr>
<tr><td>Ríomhphost le haghaidh Fiosruithe</td><td>Ní mór gach fiosrú a chur isteach ar eTenders</td></tr>
<tr><td>Dáta / Am d'fhonn Tairiscintí a fháil</td><td>17:00, am áitiúil ar an 26 Márta 2021</td></tr>
<tr><td>Treoracha d'fhonn Tairiscintí a chur ar ais:</td><td>Le seoladh chuig: An bosca poist leictreonach ar fáil ar www.etenders.gov.ie</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tabhair do d'aire, maidir le heolas a bhaineann leis an doiciméad tairisceana seo, lena n-áirítear soiléirithe agus athruithe, go bhfoilseofar iad ar Thairseach Deiseanna Soláthair Rialtas na hÉireann (www.etenders.gov.ie). Tá an clárúchán saor in aisce agus níl aon táille ar dhoiciméid. Tabhair do d'aire nach bhféadann Údarás na Gaeltachta freagracht a ghlacadh as eolas a sheoltar ar aghaidh (nó nach seoltar ar aghaidh) trí thríú páirtithe.</td></tr>
</table>

Údarás na Gaeltachta

# Clár na nÁbhar


Cuid 1: Réamhrá ..... 4
Cuid 2: Treoracha d'Fhorthairgeoirí ..... 6
2.1 Réamhrá an IAT seo ..... 6
2.2 Tairiscintí Comhlíontacha ..... 6
2.3 Conradh i gComhair Seirbhísí ..... 7
2.4 Glacadh le Riachtanais an IAT ..... 7
2.5 Cuibhreannais agus Príomhchonraitheoirí/Fochonraitheoirí ..... 7
2.6 Riachtanais an Tíolactha Tairisceana ..... 8
2.7 Fiosruithe agus Soiléiriú ..... 8
2.8 Costais Tairisceana ..... 8
2.9 Rúndacht ..... 9
2.10 Praghsáil ..... 9
2.11 Comhlíontacht le Dualgais Reachtúla ..... 9
2.12 Poiblíocht ..... 10
2.13 Leas Inchláraithe ..... 10
2.14 Iompar Frithiomaíoch ..... 10
2.15 Téarmaí Tionscail a Úsáidtear san IAT seo ..... 10
2.16 Saoráil Faisnéise ..... 10
2.17 Imréiteach Cánach ..... 11
2.18 Coimhlint Leasa ..... 11
2.19 Tarraingt siar ón gComórtas Soláthair Phoiblí seo ..... 11
2.20 Árachas ..... 11
Cuid 3: Critéir Cháilíochta agus Dámhachtana ..... 13
3.1 Tairiscintí Comhlíontacha ..... 13
3.2 Critéir Cháilíochta. ..... 13
3.3 Critéir Dhámhachtana ..... 14
3.4 Cur i láthair na dTograí ..... 15
3.5 Ré Aithrí ..... 16
3.6 Seoladh ar ais na gConarthaí Sínithe ..... 16
3.7 Dámhachtain ar an bhForthairgeoir sa Dara hÁit ..... 16
Aguisín 1: Riachtanais agus Sonraíochtaí ..... 17
Comhthéacs ..... 18
Forbairt Tionscadail ..... 21
Dúshláin Acmhainní Gaoithe agus Teicneolaíochta: ..... 22
An Timpeallacht Cheadaithe: ..... 23
An Margadh Féideartha: ..... 23
Paraiméadair Tionscadail ..... 24
Imlíne ar sheirbhísí ..... 24

Aguisín 2: Sceideal Praghsála / Foirm Tairisceana ..... 26
Aguisín 3: Ráiteas an Fhorthairgeora ..... 29
Aguisín 4: Aide-Memoire na bhForthairgeoirí ..... 30
Aguisín 5: Dearbhú maidir le Cúinsí Pearsanta an Fhorthairgeora de réir Alt 57 de Threoir 2014/24 ón AE ..... 31
Aguisín 6: Comhaontú Rúndachta ..... 34

# *Cuid 1: Réamhrá*

**1.1** Cuireann ***Údarás na Gaeltachta*** fáilte roimh fhreagraí ("Tairiscintí") ar an Iarraidh ar Thairiscintí ("IAT") seo ó oibreoirí eacnamaíochta ("Forthairgeoirí") do sholáthar na seirbhísí a bhfuil cur síos orthu in Aguisín 1 den IAT seo, "Riachtanais agus Sonraíochtaí", ("na Seirbhísí"). Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás conarthach don chomórtas soláthair phoiblí seo ("an tÚdarás Conarthach").

**1.2** **Eolas faoin Údarás Conarthach**
Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnaí freagrach as forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta agus é mar chuspóir foriomlán aige an Ghaeilge a chothabháil mar theanga phobail an réigiúin. Tá timpeall 90 duine mar líon foirne ag an eagraíocht. Is sna Forbacha atá Ardoifig na heagraíochta agus tá oifigí réigiúnacha aige i nGaoth Dobhair, Contae Dhún na nGall, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí, Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo agus Baile Mhic Íre, Contae Chorcaí. Tá punann suntasach maoin agus oifigí tionsclaíocha aige agus páirceanna gnó ar fud na réigiún Gaeltachta. Féadtar tuilleadh eolais a fháil ar ár suíomh idirlín ar (www.udaras.ie).

**1.3** **Ábhar an IAT seo**

**Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann"**

Féach ar Aguisín 1 le haghaidh treoir iomlán maidir leis an tsonraíocht seirbhíse iarrtha.

**1.4** Dámhfaidh an tÚdarás Conarthach conradh le haghaidh tréimhse trí (3) mhí, faoi réir athbhreithniú bliantúil, é sin nó má fhoirceanntar é ar bhealach eile.

**1.5** Coimeádann an tÚdarás Conarthach an ceart chuige féin breis ama a chur leis an Téarma ar feadh tréimhse nó tréimhsí suas le 3 mhí, lena n-áirítear síneadh nó sraith amháin síntí ar na téarmaí agus coinníollacha céanna.

**1.6** Ní mór go bhfaighfí na tairiscintí tráth nach déanaí ná 17:00 ar an 26 Márta 2021 ag an seoladh seo a leanas, ag baint úsáid as formáid lipéid mar seo a leanas:

**Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann"**

**Spriocdháta:** 26 Márta 2021 ag 17:00 (am áitiúil)

**Le seoladh chuig:**
An bosca poist leictreonach ar fáil ar www.entenders.gov.ie

**1.7** **<u>NÍ CHUIRFEAR</u>** san áireamh sa chomórtas soláthair phoiblí seo aon tairiscintí a fhaightear go déanach.

**1.8** Féachtar chuige i bpolasaí an Údaráis Chonarthaigh go spreagfaí rannpháirtíocht Fiontar Beag agus Meánmhéide (fiontair FBM) ar bhonn cóir agus cothrom sa Chomórtas seo. Maidir le fiontair FBM a mheasann go bhfuil scóip an Chomórtais seo os cionn a gcumais theicniúil nó gnó, moltar dóibh, faoi réir alt 2.5, féachaint ar an bhféidearthacht caidreamh a bhunú le fiontair FBM eile nó le fiontair níos mó. Trí chaidreamh den chineál seo, féadann siad páirt a ghlacadh agus ionchur a thabhairt d'fheidhmiú rathúil aon Chonartha Seirbhísí a d'fhéadfadh teacht aníos ón gComórtas seo agus a leasa sóisialta agus geilleagracha a mhéadú.

**1.9** Moltar chomh maith d'fhiontair níos mó féachaint ar na bealaí praiticiúla a fhéadtar fiontair FBM a chur san áireamh ina dtograí chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na buntáistí sóisialta agus geilleagracha as aon Chonarthaí Seirbhísí a d'fhéadfadh teacht aníos ón gComórtas seo.

Údarás na Gaeltachta

# *Cuid 2: Treoracha d'Fhorthairgeoirí*

## 2.1 Réamhrá an IAT seo

2.1.1 Cé go bhfuil gach iarracht déanta eolas cúlra, riachtanais agus sonraíochtaí cuimsitheach cruinn a chur ar fáil, ní mór d'Fhorthairgeoirí teacht ar a dtátal féin maidir leis an réiteach a theastaíonn chun na riachtanais atá leagtha amach san IAT seo a chomhlíonadh. Féadfaidh sé gur mian le forthairgeoirí agus faighteoirí an IAT seo dul i gcomhairle lena gcomhairleoirí dlíthiúla féin maidir leis an IAT seo nó maidir lena ábhar.

2.1.2 Féadfaidh sé go gcaithfear leis an bhfaisnéis uile a chuireann Forthairgeoirí ar fáil mar cheangailteach de réir conartha ar na Forthairgeoirí má ghlacann an tÚdarás Conarthach leis.

2.1.3 Ní cheanglaíonn an tÚdarás Conarthach air féin glacadh leis an Tairiscint ar an bpraghas is ísle, ná le haon Tairiscint.

2.1.4 Ní bheidh gealltanas de chineál ar bith, conarthach ná eile, i bhfeidhm ach amháin má fheidhmíonn agus nuair a fheidhmíonn an tÚdarás Conarthach conradh foirmiúil i scríbhinn nó thar a cheann. Ní eascróidh aon chearta in-fheidhmithe ag an bhForthairgeoir as fógra a bheith tugtha ag an Údarás Conarthach maidir le stádas tairgeora roghnaithe. Féadann an tÚdarás Conarthach an comórtas soláthair phoiblí seo a chealú ag tráth ar bith roimh chonradh foirmiúil i scríbhinn a bheith feidhmithe ag an Údarás Conarthach nó thar a cheann.

2.1.5 Cuirfear an IAT seo in ionad agus gabhfaidh sé ionad gach doiciméid, cumarsáide agus comhfhreagrais roimhe seo idir an tÚdarás Conarthach agus Forthairgeoirí, agus níor chóir d'Fhorthairgeoirí brath ar aon doiciméad agus comhfhreagras roimhe den chineál seo. Ba chóir d'Fhorthairgeoirí don IAT seo ábhar an IAT seo a scrúdú go mion, lena n-áirítear an t-eolas agus na doiciméid sna hAguisíní.

## 2.2 Tairiscintí Comhlíontacha

2.2.1 Má loictear cloí le riachtanais an ailt seo 2.2.1, féadfaidh sé go ndéanfar an Forthairgeoir neamhchomhlíontach agus go ndiúltófar an Forthairgeoir. Ní mór d'Fhorthairgeoirí an méid seo a dhéanamh:

a. Gach doiciméad a shonraítear san IAT seo a chur san áireamh;

b. Formáid an IAT seo a leanúint agus freagairt do gach gné san ord atá leagtha amach san IAT seo;

c. Cloí le gach riachtanas mar atá leagtha amach san IAT seo.

Má athraítear nó má leasaítear an IAT ar aon bhealach, féadfaidh sé go ndéanfar an Tairiscint dá héis neamhchomhlíontach agus go ndiúltófar í.

2.2.3 Cuirfidh an tÚdarás Conarthach gach Tairiscint chomhlíontach san áireamh i leith na gCritéar Cáilithe agus Dámhachtana i gCuid 3 den IAT seo.

2.2.4 Féadfaidh sé gur mian le Forthairgeoirí Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (DAES) a úsáid nó a thíolacadh mar fhreagra do na Critéir Cháilíochta. Tabhair do d'aire nach

nglacfaidh an tÚdarás Conarthach le doiciméad den chineál seo ach amháin mar fhreagra do na critéir dhlíthiúla (Alt 57) agus airgeadais (cáin, árachas, láimhdeachas nó tástáil airgeadais chuí eile). Ní mór do na Forthairgeoirí cloí leis na rialacha a bhfuil achoimre orthu i gCuid 3 maidir le taithí roimhe seo srl. faoin gceannteideal Cumas Teicniúil agus Gairmiúil.

## 2.3 Conradh i gComhair Seirbhísí

2.3.1 Faoi réir cheart cealúcháin an chomórtais soláthair phoiblí seo (mar atá leagtha amach in Alt 2.1.4 thuas agus in Alt 3.3 thíos), roghnóidh an tÚdarás Conarthach an Forthairgeoir/na Forthairgeoirí a n-éiríonn leis/leo d'fhonn na Seirbhísí atá á lorg faoin IAT seo a chur ar fáil.

2.3.2 Cuirfidh an Forthairgeoir/na Forthairgeoirí a n-éiríonn leis/leo, na Seirbhísí ar fáil de réir agus ar théarmaí agus coinníollacha an chonartha mar atá leagtha amach san IAT seo ("an Conradh Seirbhísí"). Iarrfar ar an bhForthairgeoir/na Forthairgeoirí a n-éiríonn leis/leo, an Conradh Seirbhísí a dhéanamh leis an Údarás Conarthach. Ba chóir d'Fhorthairgeoirí forálacha an Chonartha Seirbhísí a chur san áireamh agus a dTairiscintí á n-ullmhú. Iarrtar ar Fhorthairgeoirí deimhniú a thabhairt i Ráiteas na bhForthairgeoirí in Aguisín 3 go nglacann siad leis an gConradh Seirbhísí. Ní fhéadann Forthairgeoirí an Conradh Seirbhísí a leasú.

2.3.3 Ba chóir d'Fhorthairgeoirí a bheith ar an eolas go mbeidh aon cheann de na Coinníollacha Speisialta, nó iad uile, mar atá leagtha amach i Sceideal D den Chonradh Seirbhísí, i bhfeidhm (chomh maith leis na Téarmaí agus Coinníollacha i Sceideal A den Chonradh Seirbhísí) maidir le soláthar na Seirbhísí má mharcáil an tÚdarás Conarthach iad mar 'i bhfeidhm".

## 2.4 Glacadh le Riachtanais an IAT

Iarrtar ar gach Forthairgeoir glacadh le forálacha an IAT seo.

## 2.5 Cuibhreannais agus Príomhchonraitheoirí/Fochonraitheoirí

Sa chás go gcuireann grúpa gnóthas Tairiscint isteach mar fhreagra ar an IAT seo, is tríd an eintiteas a mbeidh freagracht fhoriomlán acu as feidhmiú an Chonartha Seirbhísí ("an Príomhchonraitheoir") agus tríd an eintiteas sin amháin a dhéileálfaidh an tÚdarás Conarthach le gach ábhar a bhaineann leis an gcomórtas soláthair phoiblí seo, is cuma cé acu an bhfuil na tascanna le comhlíonadh ag fochonraitheoir agus/nó ag comhaltaí cuibhreannais. Ní mór don Fhorthairgeoir an méid seo a leagan amach go soiléir.

a. Ainm dlíthiúil iomlán an Phríomhchonraitheora, in éineacht lena sheoladh cláraithe gnó (nuair is infheidhmithe), ainm cláraithe an ghnó (nuair is infheidhmithe), uimhir chlárúcháin na cuideachta (nuair is infheidhmithe), uimhir fóin agus sonraí teagmhála ríomhphoist;

b. Ainm gach fochonraitheora agus/nó comhalta cuibhreannais a bheidh páirteach i soláthar na Seirbhísí;

c. Cur síos ar an ról atá le comhlíonadh ag gach duine de na fochonraitheoirí agus/nó comhaltaí cuibhreannais; agus

d. Ainm, teideal, uimhir fóin, seoladh poist, uimhir facs agus seoladh ríomhphoist na pearsanra teagmhála ainmnithe údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Phríomhchonraitheora, taobh istigh d'eagraíocht an Phríomhchonraitheora, ar chóir gach teagmháil a chur chuige nó chuici agus glacadh le gach cumarsáid go dtí go bhfuil an comórtas

soláthair phoiblí seo curtha i gcrích nó foirceanta. NÍ ghlacfar le comhfhreagras ó dhuine ar bith eile (seachas ó aon fhochonraitheoir agus/nó comhalta cuibhreannais), NÍ thabharfar admháil ina leith ná NÍ thabharfar freagra air.

## 2.6 Riachtanais an Tíolactha Tairisceana

2.6.1 Ní mór tairiscintí a chur faoi bhráid etenders.gov.ie leis an bhformáid lipéid seo a leanas:

**Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann"**

**Spriocdháta:** 26 Márta 2021 ag 17:00 (am áitiúil)

**Le seoladh chuig:**
An bosca poist leictreonach ar fáil ar www.entenders.gov.ie

2.6.2 Ní mór go bhfaighfí tairiscintí tráth nach déanaí ná **17:00 ar an 26 Márta 2021**. NÍ CHUIRFEAR san áireamh sa chomórtas soláthair phoiblí seo aon tairiscintí a fhaightear go déanach nó a fhaightear ar bhealach eile.

## 2.7 Fiosruithe agus Soiléiriú

2.7.1 Ní mór gach fiosrú nó iarratas ar shoiléiriú a bhaineann le gné ar bith den chomórtas soláthair phoiblí nó den IAT seo a chur tríd an tsaoráid Ceisteanna agus Freagraí ar www.etenders.gov.ie. Glacfar le fiosruithe agus le hiarratais ar shoiléiriú a fhaightear tráth nach déanaí ná am dúnta gnó ar an **16 Márta 2021,** ach amháin má fhoilsíonn an tÚdarás Conarthach a mhalairt.

2.7.2 Is tríd an tsaoráid Eolas Breise ar www.etenders.gov.ie a fhreagrófar gach soiléiriú agus freagra ar fhiosruithe/iarratais ar shoiléiriú. Nuair is cuí, féadfaidh sé go ndéanfar cónascadh ar cheisteanna. Ba chóir d'Fhorthairgeoirí a thabhairt dá n-aire nach dtabharfaidh an tÚdarás Conarthach aon fhreagraí nó soiléirithe d'aon Fhorthairgeoirí aonair go príobháideach.

2.7.3 Coimeádann an tÚdarás Conarthach an ceart soiléirithe i scríbhinn a eisiúint nó a lorg.

2.7.4 Coimeádann an tÚdarás Conarthach an ceart an t-eolas sa doiciméad seo a thabhairt suas chun dáta nó a leasú ag aon tráth suas le **sé** lá roimh an dáta deiridh d'fhonn Tairiscintí a fháil. Cuirfear an méid seo in iúl do Fhorthairgeoirí rannpháirteacha tríd an suíomh idirlín eTenders. I gcás nuashonruithe nó athruithe den chineál seo, coimeádann an tÚdarás Conarthach an ceart an spriocdháta d'fhonn Tairiscintí a fháil a chur siar ar mhaithe le ham dóthanach a chur ar fáil d'Fhorthairgeoirí freagra a thabhairt.

## 2.8 Costais Tairisceana

Maidir leis na costais agus caiteachais uile a thabhaíonn na Forthairgeoirí agus a bhaineann lena rannpháirtíocht sa chomórtas soláthair phoiblí seo, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do chuairteanna suímh, trialacha páirce, taispeántais agus/nó cuir i láthair, is iad na Forthairgeoirí amháin a iompróidh iad agus beidh siad ina n-ábhar urscaoilte ag na Forthairgeoirí amháin.

## 2.9 Rúndacht

2.9.1 Maidir leis na doiciméid, sonraí, staitisticí, léaráidí, eolas, patrúin, samplaí nó ábhar foilsithe nó curtha ar fáil ag an Údarás Conarthach d'Fhorthairgeoirí le linn chúrsa an chomórtais soláthair phoiblí seo:

a. cuirtear ar fáil iad chun críocha freagra a thabhairt ar an IAT seo amháin;

b. ní fhéadtar iad a úsáid, a léiriú, a athchruthú ná a fhoilsiú chun aon chríche eile gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ón Údarás Conarthach;

c. caithfear leo mar ábhar rúnda ag an bhForthairgeoir agus ag aon tríú páirtithe (fochonraitheoirí san áireamh) fostaithe ag an bhForthairgeoir nó a dtéann an Forthairgeoir i gcomhairle leo; agus

d. ní mór iad a chur ar ais láithreach chuig an Údarás Conarthach tar éis chealú nó chríochnú an chomórtais soláthair phoiblí seo má iarrann an tÚdarás Conarthach an méid sin.

2.9.2 Ní mór don Fhorthairgeoir a n-éiríonn leis nó léi, an comhaontú bunaidh rúndachta a chur ar ais, sínithe, mar atá leagtha amach in Aguisín 6 ("Comhaontú Rúndachta"), chuig an Údarás Conarthach de réir alt 3.6 thíos. Ní mór an Comhaontú Rúndachta a bheith san fhoirm mar atá leagtha amach in Aguisín 6 agus ní fhéadann Forthairgeoirí an Comhaontú Rúndachta a leasú.

## 2.10 Praghsáil

2.10.1 Ní mór do gach Forthairgeoir an Sceideal Praghsála in Aguisín 2 den IAT seo a chomhlánú.

2.10.2 Ní mór gach praghas a luaitear a bheith uilechuimsitheach (is é sin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do gach costas/caiteachas/innéacsú), a bheith luaite in Euro amháin agus a bheith ar leith ó CBL. Ba chóir na rátaí CBL, nuair is infheidhmithe, a léiriú ar leithligh.

2.10.3 Ní mór d'Fhorthairgeoirí deimhniú go bhfanfaidh gach praghas a luaitear sa Tairiscint de bheith bailí ar feadh 12 mhí dar tús an dáta dúnta d'fhonn Tairiscintí a fháil.

2.10.4 Is é an Forthairgeoir a iompróidh aon athruithe airgeadra a tharlaíonn thar théarma an Chonartha Sheirbhísí.

2.10.5 Maidir le Íocaíochtaí do Sheirbhísí a chuirtear ar fáil de bhun an IAT seo, beidh siad faoi réir an Chonartha Seirbhísí agus déanfar iad de réir an Chonartha Seirbhísí.

## 2.11 Comhlíontacht le Dualgais Reachtúla

2.11.1 Féadann Forthairgeoirí eolas a fháil maidir le na ndualgais maidir leis an méid seo:

- Cánachas ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie);
- Cosaint an chomhshaoil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (www.epa.ie);
- Cosaint fostaíochta agus coinníollacha oibre ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (www.djei.ie).

2.11.2 I bhfeidhmiú aon Chonartha Seirbhísí a dhámhtar; iarrfar ar na Forthairgeoirí a n-éiríonn leo, nó a bhFochonraitheoirí (más ann dóibh), cloí leis na dualgais infheidhmithe uile i réimse an

dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a bheidh i bhfeidhm san áit a gcuirtear na seirbhísí ar fáil, atá bunaithe le dlí an AE, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis an dlí idirnáisiúnta, comhshaoil, sóisialta agus saothair sa liosta in Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí (an "Treoir").

## 2.12 Poiblíocht

Ní cheadaítear aon phoiblíocht maidir leis an gcomórtas soláthair phoiblí seo, le dámhachtain an chonartha ná ;e feidhmiú an Chonartha Seirbhísí ach amháin, agus go dtí go bhfuil toiliú i scríbhinn don chumarsáid chuí tugtha ag an Údarás Conarthach roimh ré.

## 2.13 Leas Inchláraithe

Ní mór gach Leas Inchláraithe lena mbaineann an Forthairgeoir nó an Fochonraitheoir agus an tÚdarás Conarthach, comhaltaí Rialtais, comhaltaí Oireachtais nó fostaithe agus oifigigh de chuid an Údaráis Chonarthaigh agus a ngaolta, a nochtadh ina n-iomláine sa Tairiscint, é sin nó sa chás nach dtagann an t-eolas seo chun aird an Fhorthairgeora nó an Fhochonraitheora ach go dtí tráth tar éis Tairiscint a bheith tíolactha, ní mór é a chur in iúl don Údarás Conarthach láithreach nuair a thagann eolas den chineál seo chun bheith ar eolas ag an bhForthairgeoir nó an Fochonraitheoir.

Is de réir Alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, a bhfuil cóipeanna díobh ar fáil ar www.irishstatutebook.gov.ie a léireofar na téarmaí "Leas Inchláraithe" agus "Gaol". Déanfaidh an tÚdarás Conarthach, dá lánrogha féin, cinneadh maidir leis an ngníomh cuí ata le déanamh, agus d'fhéadfadh sé a bheith mar chuid de, sna cúinsí cuí, an Forthairgeoir a dhíothú ón gComórtas seo nó aon Chonradh Seirbhísí a dhéanann an Forthairgeoir a fhoirceannadh.

## 2.14 Iompar Frithiomaíoch

Tarraingítear aird na bhForthairgeoirí ar an Acht Iomaíochta, 2002 (arna leasú, "Acht 2002"). Faoi Acht 2002, cion coiriúil atá ann d'Fhorthairgeoirí dul i gclaonpháirt lena chéile maidir le praghsanna nó téarmaí comórtas soláthair phoiblí.

## 2.15 Téarmaí Tionscail a Úsáidtear san IAT seo

Sa chás go ndéantar tagairt do mhír, foinse, próiseas, trádmharc nó cineál áirithe san IAT seo, is é an bhrí a bhainfear as gach tagairt den chineál seo ná an bhrí a thuigtear go ginearálta sa tionscal agus timpeallacht oibriúcháin chuí.

## 2.16 Saoráil Faisnéise

2.16.1 Ba chóir d'Fhorthairgeoirí a bheith ar an eolas, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, féadfaidh sé go nochtfar eolas a chuireann siad ar fáil le linn an comórtais soláthair phoiblí seo.

2.16.2 Iarrtar ar Fhorthairgeoirí machnamh a dhéanamh ar cé acu ar chóir nó nár chóir aon chuid den eolas a chuireann siad ar fáil ina dTairiscint a nochtadh mar gheall ar a rúndacht nó íogaireacht tráchtála. Má mheasann Forthairgeoirí go bhfuil eolas áirithe ann nach bhfuil le nochtadh mar gheall ar a rúndacht nó íogaireacht tráchtála, ní mór d'Fhorthairgeoirí, agus iad ag cur eolas den chineál seo ar fáil, an t-eolas seo a shainaithint go soiléir agus na cúiseanna leis an rúndacht nó íogaireacht tráchtála a shonrú. Sa chás nach sainaithníonn Forthairgeoirí eolas mar eolas a

bhfuil rúndacht nó íogaireacht tráchtála ag gabháil leis, beidh an t-eolas faoi dhliteanas eisiúna mar fhreagra ar iarratas Saorála Faisnéise gan fógra eile a fháil ná dul i gcomhairle leis an bhForthairgeoir. Rachaidh an tÚdarás Conarthach, nuair is féidir, i gcomhairle leis na Forthairgeoirí maidir le rúndacht nó íogaireacht tráchtála a shainaithnítear mar seo roimh chinneadh a dhéanamh ar iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 2.17 Imréiteach Cánach

2.17.1 Coinníoll de chuid aon Chonartha Seirbhísí de bhun an Chomórtais seo is ea go gcloífidh an Forthairgeoir/na Forthairgeoirí a n-éiríonn leis nó leo, ar feadh tréimhse aon chonartha/conarthaí den chineál seo, le gach dlí cánach AE agus náisiúnta. Iarrtar ar Fhorthairgeoirí féachaint ar www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais. Roimh dhámhachtain aon Chonartha Seirbhísí a eascraíonn ón gComórtas seo, iarrfar ar an bhForthairgeoir a n-éiríonn leis, a Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus a Uimhir Tagartha Cánach a chur ar fáil chun fíorú a stádais cánach ag an Údarás Conarthach a éascú. Ach na huimhreacha seo a chur ar fáil, aithníonn agus aontaíonn an Forthairgeoir a n-éiríonn leis, go bhfuil cead an Fhorthairgeora a n-éiríonn leis ag an Údarás Conarthach fíorú a dhéanamh ar líne ar shuíomh imréitigh cánach an Fhorthairgeora a n-éiríonn leis.

2.17.2 Roimh dhámhachtain aon chonartha a eascraíonn ón gcomórtas soláthair phoiblí seo, iarrfar ar an bhForthairgeoir a n-éiríonn leis, deimhniú a thabhairt go bhfuil stádas imréitigh cánach aige arna eisiúint ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Seiceálfar an méid seo ar an tsaoráid ar líne. Ní mór an stádas imréitigh cánach a choinneáil ar feadh thréimhse an chonartha.

## 2.18 Coimhlint Leasa

Ní mór aon choimhlint leasa nó coimhlint leasa fhéideartha ar thaobh an Fhorthairgeora, Fochonraitheora nó duine/daoine nó gníomhaire/gníomhairí de chuid Forthairgeora nó Fochonraitheora/Fochonraitheoirí a nochtadh ina hiomláine don Údarás Conarthach chomh luath agus atá sé follasach, nó chomh luath agus a éiríonn sé de bheith follasach. I gcás aon choimhlint leasa iarbhír nó fhéideartha, féadfaidh an tÚdarás Conarthach cuireadh a thabhairt d'Fhorthairgeoirí moladh a thabhairt maidir leis an modh a fhéadtar an choimhlint leasa a bhaint. Déanfaidh an tÚdarás Conarthach, dá lánrogha féin, cinneadh maidir leis an ngníomh cuí ata le déanamh, agus d'fhéadfadh sé a bheith mar chuid de, sna cúinsí cuí, an Forthairgeoir a dhíothú ón gComórtas seo nó aon Chonradh Seirbhísí a dhéanann an Forthairgeoir a fhoirceannadh.

## 2.19 Tarraingt siar ón gComórtas Soláthair Phoiblí seo

Iarrtar ar Fhorthairgeoirí ríomhphost a chur chuig a.iomaire@udaras.ie láithreach má chinneann siad ag aon tráth tarraingt siar ón gcomórtas soláthair phoiblí seo.

## 2.20 Árachas

Tá Clásal 2.20 **i bhfeidhm** ar an IAT seo.

2.20.1 Iarrfar ar an bhForthairgeoir a n-éiríonn leis, na hárachais seo a leanas a choinneáil ar feadh théarma an Chonartha Seirbhísí:

| Cineál an Árachais | Teorainn Slánaíochta |
|---|---|
| Dliteanas Fostóra | €5 milliún (aon éileamh amháin) |
| Dliteanas Poiblí | €6.5 milliún (aon éileamh amháin) |
| Slánaíocht Ghairmiúil | €2.6 milliún (aon éileamh amháin) |

2.20.2 Ach Ráiteas an Fhorthairgeora in Aguisín 3 a shíniú, deimhníonn na Forthairgeoirí, má dhámhtar conradh faoin gcomórtas soláthair phoiblí seo, go bhfaighidh agus go gcoinneoidh siad, ó Dháta Feidhme an Chonartha Seirbhísí (mar a shainmhínítear sa Chonradh Seirbhísí), na cineálacha agus na leibhéil árachais mar atá sonraithe in alt 2.20.1.

2.20.3 Iarrfar ar an bhForthairgeoir a n-éiríonn leis, thar théarma an Chonartha Seirbhísí, an méid seo a dhéanamh:

a. An tÚdarás Conarthach a chur ar an eolas láithreach faoi aon athrú ábhartha dá stádas árachaithe;

b. cruthúnas a chur ar fáil, nuair a iarrtar é, ar phréimheanna árachais íoctha;

c. deimhnithe árachais bailí a chur ar fáil nuair a iarrtar iad.

# *Cuid 3: Critéir Cháilíochta agus Dámhachtana*

## 3.1 Tairiscintí Comhlíontacha

Ní dhéanfar meastóireacht de réir na gCritéar Cáilíochta agus Dámhachtana sa Chuid 3 seo ach amháin ar na Forthairgeoirí sin a thíolacann Tairiscintí comhlíontacha de bhun Alt 2.2 thuas agus nár cuireadh as an áireamh iad faoi Airteagal 57 de Threoir 2014/24/AE ó Chomhairle an AE mar a chuirtear chun feidhme i ndlí na hÉireann ag Ionstraim Reachtúil 284.

## 3.2 Critéir Cháilíochta.

**3.2.A** Tá Clásal 3.2.A **i bhfeidhm** ar an IAT seo.

- **Seasamh Airgeadais**

Cuir sonraí ar fáil maidir le láimhdeachas d'eagraíochta i ndáil leis na 3 bliana airgeadais seo caite, é sin nó má bhí an dáta bunaithe níos déanaí, an fhaisnéis atá ar fáil faoin láimhdeachas ar bhonn pro rata.

**Riail:** Ní mór d'Fhorthairgeoirí láimhdeachas sa bhreis ar €50,000 a léiriú le linn ceann amháin de na trí bliana airgeadais roimhe sin. Má bunaíodh níos déanaí é, glacfar le fianaise pro rata.
**Nóta:** Iarrfar ar Fhorthairgeoirí fianaise oibiachtúil a chur ar fáil ó fhoinse chuí ina ndeimhnítear go bhfuil an cumas airgeadais sonraithe acu na seirbhísí iarrtha a chur ar fáil roimh chinneadh foirmiúil dámhachtana a bheith déanta.

**3.2.B** Tá Clásal 3.2.B **i bhfeidhm** ar an IAT seo.

- **Taithí Roimhe Seo**

Ní mór d'Fhorthairgeoirí léiriú a thabhairt ar thaithí roimhe seo ar 3 chonradh de nádúr agus scála inchomparáide a chur ar fáil, faoi réir riachtanais an Údaráis Chonarthaigh faoin gcomórtas seo. Cuirtear in iúl d'Fhorthairgeoirí nach mór go léireofaí sna conarthaí tagartha liostaithe an cumas na gnéithe éagsúla seirbhíse a chur ar fáil a theastaíonn chun riachtanais an Údaráis Chonarthaigh a chomhlíonadh. Cuir na fhaisnéis seo a leanas ar fáil maidir le gach tionscadal tagartha.

(i) Ainm an chliaint
(ii) Tréimhse / dátaí soláthair seirbhíse
(iii) Neasluach an chonartha
(iv) Raon na seirbhís a sholáthraítear

**Riail:** Ní mór d'Fhorthairgeoirí 3 chonradh inchomparáide roimhe seo a léiriú.

## 3.3 Critéir Dhámhachtana

3.3.1 Ní leanfar de mheastóireacht a dhéanamh faoin alt seo 3.3 ach amháin ar na Forthairgeoirí sin a cháiligh de réir alt 3.2 den IAT seo.

Ní bheidh gealltanas de chineál ar bith, conarthach ná eile, i bhfeidhm ach amháin má fheidhmíonn agus nuair a fheidhmíonn an tÚdarás Conarthach conradh foirmiúil i scríbhinn nó thar a cheann. Ní eascróidh aon chearta in-fheidhmithe ag an bhForthairgeoir as fógra dámhachtana a bheith tugtha ag an Údarás Conarthach maidir le stádas tairgeora roghnaithe. Féadann an tÚdarás Conarthach an comórtas soláthair phoiblí seo a chealú ag tráth ar bith roimh chonradh foirmiúil i scríbhinn a bheith feidhmithe ag an Údarás Conarthach nó thar a cheann. Ní cheanglaíonn an tÚdarás Conarthach air féin glacadh leis an Tairiscint ar an bpraghas is ísle, ná le haon Tairiscint.

3.3.2 Bronnfar an conradh ar bhonn na tairisceana is mó buntáiste eacnamaíoch.

Cuirfidh an tÚdarás Conarthach na critéir dhámhachtana seo a leanas i bhfeidhm: an tairiscint chomhlíontach is mó buntáiste geilleagrach, ag cur san áireamh na critéir agus ualuithe dámhachtana seo a leanas:

| Criteria | Meacháin |
|---|---|
| **Costas Deiridh** | 250 |
| **Tuiscint ar Riachtanais** | 200 |
| **Samplaí d'obair den chineál céanna** | 200 |
| **Fiúntas Teicniúil Acmhainní Molta** | 250 |
| **Cáilíocht Iomlán an Togra** | 100 |
| **IOMLÁN** | **1,000** |

***NÓTA 1:*** *Ba chóir d'Fhorthairgeoirí a thabhairt dá n-aire nach mór dóibh rátáil íosta 60% a bhaint amach i leith gach ceann de na critéir aonair cháilíochtúla d'fhonn díothú ón gcomórtas a sheachaint.*
*Déanfar na critéir cháilíochtúla a scóráil de réir an chórais scórála bonnlíne seo a leanas:*

0% = gan freagra;
20% = go holc;
40% = measartha;
60% = inghlactha (agus sna critéir chuí, an scóráil íosta iarrtha);
70% = go maith
80% = fíormhaith;
90% = thar barr;
100% = thar barr amach agus amach

***NÓTA 2:*** Ba chóir d'Fhorthairgeoirí a chinntiú ina dtairiscintí go gcuireann siad ar fáil eolas mionsonraithe i ndáil le gach gné de na critéir dámhachtana conartha mar atá sonraithe thuas. Cuirfidh sé seo ar chumas an údarás dámhachtana measúnú iomlán a dhéanamh ar mhéid a dtairiscintí.

3.3.3 Dámhfar an conradh (más ann dó) don Fhorthairgeoir is airde rangú (de réir mar a chinntear in alt 3.3), ar na coinníollacha seo:

(a) an Forthairgeoir na doiciméid a thíolacadh, má theastaíonn faoi alt 3.2.A taobh istigh de chúig (5) lá ó fhógra a fháil ón Údarás Conarthach; agus

(b) má theastaíonn, léiriú sna doiciméid tíolactha go bhfuil an cumas geilleagrach agus airgeadais ag an Tairgeoir de réir mar a theastaíonn faoi alt 3.2.A.

## 3.4 Cur i láthair na dTograí

Féadfaidh sé go n-iarrfar ar na Forthairgeoirí cur i láthair a dhéanamh ar an togra ina dTairiscint. Ní bheidh an tÚdarás Conarthach freagrach as an gcostas ar chuir i láthair den chineál seo (de réir alt 2.8). Bainfear úsáid as cuir i láthair den chineál seo chun cáilíocht na dtíolacthaí a dhéantar a fhíorú. Ní critéar dámhachtana ar leithligh é feidhmíocht ag cuir i láthair den chineál seo. Riachtanas a bheadh ann go mbeadh an bhunphearsanra a shanntar don chonradh seo ar fáil agus i láthair ag an gcruinniú seo.

## 3.5 Ré Aithrí

3.5.1 Ar bhonn deonach, geallann an tÚdarás Conarthach nach bhféadtar agus nach ndéanfar aon chonradh a fheidhmiú ná teacht i bhfeidhm go dtí seacht (7) lá féilire tar éis an lae a sheoltar an fógra cuí chuig na Forthairgeoirí nach n-éiríonn leo, dá gcur in iúl faoi thoradh an chomórtais soláthair phoiblí seo ("Ré Aithrí"). Cuirfear an tairgeoir roghnaithe ar an eolas faoi chinneadh an Údaráis Chonarthaigh agus faoi dháta éaga na Ré Aithrí.

3.5.2 Ba chóir d'Fhorthairgeoirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaidh an tÚdarás Conarthach, nuair atá Forthairgeoirí nach n-éiríonn leo á gcur in iúl faoi thorthaí an chomórtais soláthair phoiblí, na scóir a fhaigheann an Forthairgeoir bainteach agus na scóir a fhaigheann an tairgeoir roghnaithe i ndáil le gach critéar dámhachtana arna mheasúnú ag an Údarás Conarthach a chur san áireamh.

## 3.6 Seoladh ar ais na gConarthaí Sínithe

3.6.1 Ní mór don Fhorthairgeoir a n-éiríonn leis, an Conradh Seirbhísí agus an Comhaontú Rúndachta a shíniú agus a chur ar ais, an dá cheann acu i ndúblach, chuig an Údarás Conarthach tráth nach déanaí ná [7] seacht lá féilire ó dháta éaga na Ré Aithrí, ach amháin má chuirtear a mhalairt in iúl i scríbhinn. Tabhair do d'aire nach bhféadann agus nach ndéanfaidh an tÚdarás Conarthach conradh go dtí go bhfuil an Ré Aithrí dulta in éag. Maidir leis an gConradh Seirbhísí sínithe agus curtha ar ais ag an bhForthairgeoir a n-éiríonn leis, níl sé ceangailteach ar an Údarás Conarthach go dtí go síníonn an tÚdarás Conarthach an Comhaontú Seirbhísí.

3.6.2 Sa chás nach bhfaigheann an tÚdarás Conarthach an Conradh Seirbhísí agus an Comhaontú Rúndachta taobh istigh den tréimhse sonraithe i gclásal 3.6.1, féadann an tÚdarás Conarthach ansin leanúint ar aghaidh chun an conradh a dhámhachtain ar an gcéad Fhorthairgeoir eile is airde.

## 3.7 Dámhachtain ar an bhForthairgeoir sa Dara hÁit

3.7.1 Más rud é, tar éis dhámhachtain an conartha seo, nach bhféadann an forthairgeoir a n-éiríonn leis, ar cibé cúis, na seirbhísí iarrtha a chur ar fáil chun sástacht an Údaráis Chonarthaigh; coimeádann an tÚdarás Conarthach an ceart chuige féin an conradh a dhámhachtain ar an gcéad fhorthairgeoir eile is airde a eascraíonn ón bpróiseas iomaíoch seo ag tráth ar bith le linn thréimhse bhailíochta na tairisceana. Déanfar é seo gan dochar do cheart an Údaráis Chonarthaigh an conradh a fhoirceannadh agus próiseas nua iomaíoch a thosú.

# *Aguisín 1: Riachtanais agus Sonraíochtaí*

Is é cuspóir foriomlán Údarás na Gaeltachta ná a chinntiú go bhfanfaidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta (An limistéar sin d'Éirinn ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga labhartha mar a shainmhínítear san Acht Gaeltachta 1956) agus go gcuirtear ar aghaidh í chuig na glúine atá le teacht.

Déanann an tÚdarás iarracht an cuspóir sin a bhaint amach trí raon leathan tionscnamh um fhorbairt fiontar agus cruthú post a mhaoiniú agus a chothú agus trí thacú le gníomhaíochtaí straitéiseacha teanga, cultúrtha agus pobalbhunaithe.

Bunaithe i 1980, is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta.
Mar sin is é Údarás na Gaeltachta (Údarás) gníomhaireacht forbartha gnó an Rialtais don Ghaeilge. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach: www.udaras.ie


Tá níos mó ná 40 bliain caite ag Údarás na Gaeltachta ag cur clár forbartha comhtháite i bhfeidhm go rathúil a thugann aghaidh ar riachtanais eacnamaíocha, cultúrtha, teanga agus sóisialta phobal na Gaeltachta. I measc na gcuspóirí reachtúla tá forbairt fiontar dúchasach agus mealladh infheistíochta lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) agus clár forbartha teanga agus cultúrtha a chur i bhfeidhm.




*Fíguir 1: Léarscáil ag taispeáint na Gaeltachtaí (Ceantair a thaispeántar i glas)*

## *Comhthéacs*


Is é Ros a Mhíl an príomhphort iascaigh i gContae na Gaillimhe agus is calafort farantóireachta é freisin a fhreastalaíonn ar Oileáin Árann in aice láimhe. Tá an calafort suite ag an mbealach isteach ó thuaidh go cuan na Gaillimhe, ag soláthar pointe rochtana gar go straitéiseach d'áiseanna gaoithe amach ón gcósta ar chósta thiar thiar na hÉireann ó cheann Lúb sa Deisceart go Beál an Mhuirthead sa tuaisceart agus an fhéidearthacht shoiléir ann freastal ar chalafoirt níos faide i gcéin. .




*Figuir 2: Ros a Mhíl ar an mapa*

Tugadh cead pleanála don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun cé domhainmhara a thógáil i Ros a Mhíl.Tugadh cead pleanála in 2018 do Ché domhainmhara, 200m ar fhad, le doimhneacht cainéil druidim de, 8 méadar faoi Chairt Datum (-8m CD) agus feistiú póca de (- CD 12m). (http://www.eplanning.ie/GalwayCC/AppFileRefDetails/17967/0 )

"Forbairt Chuan Ros an Mhíl, Tuarascáil Staidéar ar Chriosú Úsáid Talún." Taispeánann "Mott MacDonald 2007" gur féidir fad na cé a leathnú go 700m más gá. Fanfaidh an cead pleanála gníomhach ar feadh cúig bliana ó dháta an Deontais.





Figuir 1: Cé domhainmhara marcáilte i dearg

Tá sé cruthaithe go bhfuil indéantacht theicniúil balla an ché a leathnú go 700m:



*Figiuri 4: Grianghraf Montage de ché domhainmhara Ros a Mhíl - fad 700m*


Sa tuarascáil a d'fhoilsigh Green Tech Skillnet / Cumann Fuinnimh Gaoithe na hÉireann i Márta 2020, a d'ullmhaigh an t-iontaobhas Carbóin, cuireadh an Infographic seo a leanas i láthair ag déanamh achoimre ar an deis d'Éirinn:




Is í an cheist atá á moladh ag Údarás anois ná: Cad é an deis do Ros a Mhíl sa ghnó seo?


## Forbairt Tionscadail

Tá Údarás ag féachaint ar dheiseanna chun talamh atá ina uinireacht a fhorbairt in aice le Port Ros a Mhíl chun tacú leis an Tionscal Fuinnimh Eischósta a bhfuil súil a fhorbróidh sna 3-5 bliana amach romhainn. Tá banc suntasach talún ag Údarás in aice leis an mballa beartaithe. Tá forbairt na talún d'fhorbairt thionsclaíoch a sholáthraíonn fostaíocht sa Ghaeltacht lárnach do ról Údarás, agus tabharfaidh Údarás tosaíocht d'fhorbairt na talún seo i gcomhar le forbairt na cé domhainmhara bunaithe ar riachtanais thionscal na bhfoinsí in-athnuaite amach ón gcósta.
Tá an talamh atá i gceist - os cionn 20 acra, díreach in aice leis an láithreán atá beartaithe don ché domhainmhara.



*Fígiuir 5: Taispeánann an Limistéar atá imlínithe i ndath dearg ar an léarscáil seo an talamh faoi úinéireacht Údarás Díreach in aice leis an gcé nua atá beartaithe agus díreach ó dheas ón bPort atá ann cheana*

Taispeánann an Léarscáil seo a leanas an spéis atá ann faoi láthair i bhForbairtí Gaoithe Eischósta in Éirinn agus formhór na suime reatha dírithe ar an gCósta Thoir agus díreach léirithe spéise tosaigh ag teacht chun cinn don chósta thiar.




*Figiuir 6: Léarscáil de na Forbairtí Gaoithe Eischósta atá beartaithe (O'Hanlon agus Cummins, 2020)*

## Dúshláin Acmhainní Gaoithe agus Teicneolaíochta:

Tá cósta thiar na hÉireann roghnaithe go seasta ag atlaisí fuinnimh gaoithe agus tonnta mar cheann de na suíomhanna fuinnimh gaoithe agus tonn is saibhre ar domhan. Tá léarscáileanna acmhainní ar fáil go héasca do chósta thiar na hÉireann agus tá saibhreas na hacmhainne gan amhras. Ar an láimh eile, tá saincheisteanna innealtóireachta agus teicneolaíochta tar éis forbairt a bhacadh go dtí seo agus tá:

- Teicneolaíocht tuirbín agus Fondúireacht: I bhfianaise déine na timpeallachta amach ó iarthar na hÉireann, teastaíonn struchtúir láidre chun na tuirbíní a thacú agus a chosaint agus is dóigh go mbeidh gá le tuirbíní an-mhór chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch a thabhairt. Aithnítear go forleathan gurb é Fondúireachtaí Snámh an réiteach - tá an teicneolaíocht seo fós réasúnta óg agus feicfear tuilleadh forbartha uirthi ach táthar ag súil go mbeidh teicneolaíochtaí gaoithe ar snámh iomaíoch ó thaobh costais le gaoth seasta bun faoi 2030.
- Tá an eangach leictreachais in iarthar na hÉireann lag, agus beidh gá le huasghrádú suntasach ar an eangach chun glacadh leis an gcumhacht má tá aon allmhairiú suntasach fuinnimh in-athnuaite ón gcósta thiar ag teastáil.
- Sáraíonn an méid leictreachais is féidir a ghiniúint amach ón gcósta riachtanais na hÉireann, agus tá inathraitheacht nádúrtha an fhuinnimh ghaoithe sa chaoi is go mbeidh gá le línte suntasacha onnmhairithe cumhachta chuig an RA agus an AE má tá an acmhainn le forbairt agus le húsáid go hiomlán.

Ní féidir díospóireacht a dhéanamh a thuilleadh faoin ngá práinneach le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn athrú aeráide a laghdú agus a aisiompú. Cruthaíonn an riachtanas fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint an sainchumas eacnamaíoch - agus tá Údarás ag féachaint ar dheiseanna chun a gcuid talamh a fhorbairt ag Port Ros a Mhíl mar thacaíocht straitéiseach don Tionscal Fuinnimh Eischósta níos géire a fhorbróidh sna 3-5 bliana amach romhainn.

## An Timpeallacht Cheadaithe:

Thug Rialtas reatha na hÉireann tús áite do shaincheisteanna agus straitéisí athraithe aeráide. Tá Acht Pleanála agus Forbartha Mara nua á ullmhú ag an Rialtas (féach; https://www.gov.ie/en/publication/91aab-the-marine-planning-and-development-management-bill/) agus tabhairfeadh sé seo soiléireacht maidir le forbairt fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn. Aithnítear go mbeidh achtachán agus cur i bhfeidhm an achta agus na rialachán sa chomhthéacs seo réamhriachtanach d'fhorbairt In-athnuaite Eischósta agus mar sin de Ros a Mhíl sa chomhthéacs seo.

## An Margadh Féideartha:

Tá Éirinn tiomanta do 3.5GW ar a laghad de ghaoth amach ón gcósta faoi 2030. Meastar faoi láthair go mbeidh píblíne de 12.5 GW ann do ghaoth amach ón gcósta in Éirinn. Tá sé measta ag Fuinneamh Gaoithe Éireann go mbeidh 15GW de ghaoth amach ón gcósta de dhíth orainn in Éirinn faoi 2050. Ní chuimsíonn sé seo éileamh ar onnmhairiú fuinnimh.

Sa chás go ndéantar an próiseas toilithe a shruthlíniú, go neartaítear an eangach náisiúnta go leordhóthanach agus go bhfuil idirnascairí le margaí an AE agus na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm, is é an mothú atá ann faoi láthair ná go bhfuil deiseanna inmharthana ann méadú i bhfad níos mó ná 15 GW agus go bhfuil acmhainneacht shuntasach ar an cósta thiar mar gheall ar an dlús fuinnimh sa réigiún. Is féidir a rá go bhfuil an deis margaidh ag an bpointe seo an-mhór.

## *Paraiméadair Tionscadail*

### Imlíne ar sheirbhísí

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar an obair a theastaíonn faoin gconradh seo agus liostaítear ann na cúraimí sonracha (ach nach bhfuil deifnídeach) a bhfuil súil go ndéanfaidh an tairgeoir rathúil iad.

Tá Údarás ag lorg moltaí anois chun staidéar a dhéanamh a thabharfadh treoir shoiléir ar na rudaí seo a leanas i bhfianaise:

1. Tá Údarás na Gaeltachta ag súil go hiomlán go mbeidh forbairt shuntasach ar an Earnáil Fuinnimh In-athnuaite Eischósta ar Chósta Thiar na hÉireann sna 3-5 bliana amach romhainn.
2. Tá Cead Pleanála i bhfeidhm chun cé domhainmhara a sholáthar i Ros a Mhíl a d’fhéadfadh freastal ar bháid suntasacha den chineál atá in úsáid faoi láthair chun tacú leis an tionscal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta go hidirnáisiúnta.
3. Tá bruach suntasach talún ag Údarás in aice leis an gcé domhainuisce agus tá sé beartaithe an bruach talún seo a fhorbairt.
4. Go bhfuil forbairtí ar an eangach chun glacadh le fuinneamh, forbairt líne / línte easpórtála agus na rialachán ceada á bhforbairt i gcomhthreo ag gníomhaireachtaí eile.

Tá réimse leathan gníomhaíochtaí i bhforbairt na hEarnála Gaoithe Eischósta a bheidh ag teastáil. Is dóigh go gcuirfear cuid de na gníomhaíochtaí seo ar fáil go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear déantúsaíocht na n-eilimintí ó thuirbíní, nacelle, lanna, bunsraitheanna, cáblú srl. Go dtí bunsraitheanna, túir agus tuirbíní go dtí ullmhú agus cóimeáil múrálacha (ag glacadh leis go bhfuil forbairt á déanamh) struchtúir ar snámh) srl. Beidh ceanglais ann freisin maidir le seirbhísí Oibríochtaí agus Cothabháil agus seirbhísí tacaíochta le linn na tógála agus na hoibríochta.

Aithnítear go bhfuil forbairt thionscal na gaoithe amach ón gcósta in Éirinn ag tosú sa gcósta Thoir sa ghearrthéarma, agus gur dóigh ansin go síneoidh sé in aice leis an gcósta theas agus go rachaidh sé ar imirce ansin go dtí an ceann is saibhre ó thaobh fuinnimh ach atá deacair a fhorbairt – an Iar Chosta. Sa chomhthéacs seo tá calafoirt ar an gcósta thoir agus theas ag cur tús le forbairtí cheana féin chun tacú leis an tionscal. Tá gnó cheana féin ag calafoirt mar na Cealla Beaga, Gaillimh agus Foynes ag tacú leis an tionscal gaoithe ar tír mór, agus tá siad ag tacú leis an tionscal hidreacarbón amach ón gcósta. Meastar go mbeidh na calafoirt seo agus daoine eile ag scrúdú féidearthachtaí i dtéarmaí gaoithe amach ón gcósta.

Bunaithe ar shuíomh Ros a Mhíl ag béal Bhá na Gaillimhe i lár chósta thiar na hÉireann, teastaíonn tuarascáil chuimsitheach ó Údarás na Gaeltachta chun treoir a sholáthar maidir le:

1. I gcomhthéacs Ros a Mhíl, agus an talamh atá ag Údarás in aice leis an gcalafort, cad iad na hearnálacha / tionscail is fearr a oirfeadh dá seirbhísí ag Ros a Mhíl? Ba cheart go mbeadh Fuinneamh mara inathnuaite eile mar fuinnimeah tonnta san áireamh sa bhreithniú freisin.

Iarrtar an fhaisnéis seo a leanas ar na hearnálacha / tionscail a sainaithníodh agus chuirfí fáilte ar leith roimh mhapáil cásanna mar chur chuige:

- Cad iad na bunriachtanais bhonneagair a bheidh ag teastáil (Ballaí ché le meáchan do chraenacha srl., Stóráil oscailte i gcoinne stórála cumhdaithe, seideanna, srl.)
- Srianta loingseoireachta (Doimhneacht an uisce ar rochtain, ciorcail ag casadh srl)
- Pads Grinneall na Farraige le haghaidh jack-ups nó fondúireachtaí snámh ballasta
- Srianta ar rochtain ar bhóithre
- I mbeagán focal: Cad iad na háiseanna a bheidh ag teastáil ó na tionscail roghnaithe / beartaithe i Ros a Mhíl
- Leagan amach táscach a sholáthar a ba chóir a bheith mar bhunús le haghaidh staidéir bhreise
- Smaoinigh ar chúinsí comhshaoil a thagann chun cinn

2. Cad é an tionchar eacnamaíoch a bhainfeadh le forbairt den sórt sin (i dtéarmaí airgid agus cruthú post)?

- Cé mhéad post díreach agus indíreach a chruthófar?
- Cad é saolré na bpost sin?
- Cad a bheidh i gcruthú post indíreach i dtionscail tacaíochta agus tionscail ghaolmhara?

3. Ag tógáil ar staidéir a coimisiúnaíodh cheana, cén costas dóchúil a bheadh ar shaoráidí den sórt sin i gcomparáid leis na meastacháin a cuireadh ar fáil cheana féin?

## *Aguisín 2: Sceideal Praghsála / Foirm Tairisceana*

Samhlaítear, chun críocha dhámhachtain an chonartha, go socrófar na costais ar bhonn táille seasta agus go gcuirfidh tairgeoirí a dtograí isteach san fhoirm sin ag baint úsáid as an teimpléad leagtha amach sa Doiciméad Praghsála ar leithligh.

| Criteria | Meacháin |
|---|---|
| **Costas Deiridh** | 250 |
| **Tuiscint ar Riachtanais** | 200 |
| **Samplaí d'obair den chineál céanna** | 200 |
| **Fiúntas Teicniúil Acmhainní Molta** | 250 |
| **Cáilíocht Iomlán an Togra** | 100 |
| **IOMLÁN** | **1,000** |

Mar aon leis an gcroí-thairiscint airgeadais, ní mór d'Fhorthairgeoirí ráta in aghaidh an lae a chur in iúl i leith seirbhísí a fhéadfaidh sé go dteastófar sa bhreis ar an mbonn 3 Mhí. **Léireofar iad seo ar leithligh ón tairiscint táille sheasta agus ní úsáidfear iad i measúnú an fhorthairgeora a n-éiríonn leis.**

Tréimhse 3 mí ó dháta an cheapacháin a bheidh i gceist leis an tréimhse iomlán feidhmíochta. Ag deireadh na tréimhse seirbhíse, déanfaidh Údarás na Gaeltachta measúnú ar cé acu an bhfuil gá leanúnach leis an riachtanas, agus, más gá, cuirfear síneadh ama breise leis an ngealltanas ar bhonn ráithiúil.

Nótaí maidir le Fochonarthaí: Ní mór d'Fhorthairgeoirí léiriú a thabhairt maidir le cé acu an bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoin obair ina hiomláine nó i bpáirt go hinmheánach, trí comhlaigh nó trí fhochonraitheoir. Maidir le hobair a bhfuil páirtithe eile, seachas an Príomh-Shainchomhairleoir, ag tabhairt fúithi, táthar ag súil leis go ndéanfaidh Forthairgeoirí na socruithe seo go díreach agus ní bheidh aon bhaint ag Údarás na Gaeltachta lena gceapachán ná lena luach saothair díreach.

NÍ MÓR AN FHOIRM THAIRISCEANA A BHEITH COMHLÁNAITHE AGUS CURTHA AR AIS AG NA FORTHAIRGEOIRÍ UILE.
Má loictear an Fhoirm Thairisceana seo a shíniú, measfar an tairiscint a bheith neamhbhailí

| | |
|---|---|
| **Chuig:** | Údarás na Gaeltachta |
| **Ó:** | |
| **Maidir le:** | Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann" |

Tá na doiciméid tairisceana scrúdaithe agam/againn agus leis seo tairgeann na seirbhísí a chur ar fáil de réir na sonraí sa doiciméad Cuireadh chun Tairisceana.

| Mír | Costas Iomlán Beartaithe (gan CBL san áireamh) € | Costas Iomlán Beartaithe (CBL san áireamh) € |
|---|---|---|
| Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann" | | |

**Dearbhaím / dearbhaíonn muid an méid seo**

(i) Go bhfuil gach caiteachas bainteach san áireamh inár ráta.
(ii) Go gcoinneoidh mé/muid an tairiscint don chonradh ar oscailt lena ghlacadh agat ar feadh tréimhse 12 mhí ón spriocdháta d'fhonn tairiscintí a thíolacadh;
(iii) Go n-aontaím / go n-aontaíonn muid nach bhfuil tú faoi cheangal glacadh leis an tairiscint is mó buntáiste geilleagrach ná aon tairiscint a fhéadfaidh sé go bhfaighidh tú;
(iv) Go bhfuil an doiciméad tairisceana léite agus scrúdaithe go mion;
(v) Go dtuigim / go dtuigeann muid an doiciméad tairisceana ina iomláine agus riachtanais an Údaráis Chonarthaigh,
(vi) Go ngeallaim / go ngeallann muid caitheamh le sonraí an chuiridh seo chun tairisceana, lenár bhfreagra tairisceana agus aon soiléirithe dá éis mar ábhar príobháideach agus faoi rún;
(vii) Go n-aithním / go n-aithníonn muid nach ionann an tÚdarás Conarthach glacadh leis an tairiscint seo agus comhaontú ceangailteach infhorfheidhmithe le dlí agus nach mbeidh comhaontú infhorfheidhmithe le dlí ann go dtí, agus ach amháin má dhéantar an conradh a chur ar bun idir an tÚdarás Conarthach agus an forthairgeoir;
(viii) Go bhfuil leas bainte agam/againn as gach tairiscint ar eolas breise nó go bhfuil mé/muid sásta ar bhealach eile faoi na cúinsí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht na seirbhísí a theastaíonn faoin gconradh;
(ix) Go bhfuil gach gné san áireamh a theastaíonn le haghaidh fheidhmiú an chonartha, bíodh siad sainráite sa doiciméad tairisceana nó san áireamh in aon eolas forlíontach nó a d'fheadfaí a bhaint as go réasúnach;
**(x)** Nach bhfuil aon earráidí, easnaimh, coimhlintí nó débhríocht sa doiciméad tairisceana, seachas iad siúd a thug mé/muid chun aird an Údaráis Chonarthaigh roimh an dáta deiridh d'fhonn fiosruithe a thíolacadh;
**(xi)** Go bhfuil foráil déanta le haghaidh comhlíontacht le gach riachtanas reachtach infheidhmithe in Éirinn agus infheidhmithe in aon áit sa tír ina bhféadfaí codanna den chonradh a fheidhmiú atá i bhfeidhm 7 lá roimh an spriocdháta d'fhonn tairiscintí a fháil;
**(xii)** Nach fostóidh lucht oibre, má dhámhtar an conradh, ar bhealach atá idirdhealaitheach ó thaobh inscne, cine, creideamh reiligiúna, aois srl.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sínithe: | | | |
| Ainm (in | | | |
| Thar ceann: | | | |
| Seoladh: | | | |
| Ríomhphost: | | | |
| Fón: | | Dáta: | |

## Aguisín 3: Ráiteas an Fhorthairgeora

CHUIG: **Údarás na Gaeltachta**

Maidir le **Seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar d'Údarás na Gaeltachta chun staidéar a dhéanamh ar "Ros a Mhíl: Mol Straitéiseach chun an Tionscal Gaoithe Eischósta a Fhorbairt agus a Thacú ar Chósta Thiar na hÉireann"**

Tar éis d'Iarraidh ar Thairiscintí (IAT) a scrúdú, lena n-áirítear Treoracha d'Fhorthairgeoirí, Critéir Cháilíochta agus Dhámhachtana, Riachtanais agus Sonraíochtaí, Téarmaí agus Coinníollacha an Chonartha Seirbhísí, aontaíonn muid agus dearbhaíonn an méid seo a leanas:

1. Tuigeann muid nádúr agus méid na Seirbhísí a theastaíonn a chur ar fáil, de réir mar a chuirtear síos orthu sna Riachtanais agus Sonraíochtaí in Aguisín 1 den IAT seo.

2. Glacann muid le Téarmaí agus Coinníollacha uile an Chonartha Seirbhísí agus an Chomhaontaithe Rúndachta agus aontaíonn, má dhámhtar aon chonradh, an Conradh Seirbhísí a fheidhmiú.

3. Glacann muid leis na Critéir Cháilíochta agus Dhámhachtana uile mar atá leagtha amach i gCuid 3 den IAT agus, má iarrann an tÚdarás Conarthach é, cuirfidh cibé fianaise ar fáil a d'fhéadfadh léiriú a thabhairt ar ár n-acmhainn gheilleagrach agus airgeadais de réir an ailt luaite 3.2.A.

4. Aontaíonn muid na Seirbhísí a chur ar fáil don Údarás Conarthach de réir an IAT agus ár dTairisceana.

5. Deimhníonn muid go bhfanfaidh gach praghas a luaitear inár dTairiscint de bheith bailí ar feadh na tréimhse ama dar tús an dáta dúnta d'fhonn Tairiscintí a fháil mar a shonraítear in alt 2.10.3 den IAT.

6. Ar Dháta Éifeachta an Chonartha Seirbhísí, má dhámhtar aon chonradh faoin IAT, beidh na hárachais (más ann dóibh) uile a theastaíonn faoi alt 2.21.1 den IAT seo i bhfeidhm.

SÍNITHE

Cuideachta:

(Sínitheoir Údaraithe)

Priontáil an t-ainm

Seoladh

Dáta

# *Aguisín 4: Aide-Memoire na bhForthairgeoirí*

1. An bhfuil aghaidh tugtha ar na riachtanais uile i gCuid 2?

2. An bhfuil na leathanaigh chuí uile sínithe agus comhlánaithe nuair a iarrtar é?

3. Má theastaíonn, an bhfuil an Fhoirm Thairisceana in Aguisín 2 comhlánaithe agat?

4. An bhfuil na doiciméid iarrtha uile curtha ar ais?

5. An bhfuil an t-am agus dáta dúnta d’fhonn Tairiscintí a chur ar ais tugtha do d’aird agat?

# *Aguisín 5: Dearbhú maidir le Cúinsí Pearsanta an Fhorthairgeora de réir Alt 57 de Threoir 2014/24 ón AE*

**<u>Eisiamh Éigeantach</u>**

Fágfar Oibreoirí Eacnamaíochta ar lár ón bpróiseas soláthair más rud é, taobh istigh de na cúig bliana roimhe seo, go bhfuil fianaise ar chiontú a bhaineann le cion coiriúil sonrach sa liosta thíos (féach 1.1) nó má bhí siad faoi réir cinneadh ceangailteach dlíthiúil a fuair sárú ar dhualgais dhlíthiúla cáin nó ranníocaíochtaí coimirce sóisialaí a íoc (féach 1.2)(seachas go bhfuil sé seo díréireach, mar shampla nuair nach bhfuil ach suimeanna fíorbheaga i gceist).

| 1.1 | Maidir le haon cheann de na coireanna thíos, an bhfuil ciontú tugtha don Oibreoir Eacnamaíoch nó do dhuine dá chuibhreannas beartaithe (más ann dó), Stiúrthóir, nó Páirtnéir nó aon duine eile a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe aige nó aici? | **TÁ**<br>Léirigh do fhreagra trí 'X' a chur sa bhosca cuí | **NÍL** |
|---|---|---|---|
| 1.1.a | rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil, mar a chuirtear síos uirthi in Alt 2 de Chinneadh 2008/841/JHA de Chreat Oibre na Comhairle; | | |
| 1.1.b | éilliú, mar a chuirtear síos air in Alt 3 den Choinbhinsiún ar an gcomhrac in aghaidh éillitheachta lena mbaineann oifigigh de chuid na gComhphobal Eorpach nó oifigigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Alt 2(1) de Chinneadh 2003/568/JHA de Chreat Oibre na Comhairle, chomh maith le héilliú mar a shainmhínítear i nDlí na hÉireann nó sa dlínse ina bhfuil an tOibreoir Eacnamaíoch bunaithe; | | |
| 1.1.c | calaois laistigh de bhrí Alt 1 den Choinbhinsiún ar chosaint leasa airgeadais na gComhphobal Eorpach; | | |
| 1.1.d | mar ábhar do chiontú i leith coireanna sceimhlitheoireachta nó coireanna a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta nó gríosú nó cabhrú agus neartú nó iarracht a dhéanamh coir a dhéanamh; | | |
| 1.1.e | mar ábhar do chiontú i leith sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta; | | |
| 1.1.f | mar ábhar do chiontú i leith fostú leanaí nó foirmeacha eile gáinneála ar dhaoine; | | |
| 1.2 | <u>Neamh-íoc cánacha nó dualgais coimirce sóisialaí</u><br><br>An bhfuil sé deimhnithe ag cinneadh breithiúnach nó riaracháin a bhfuil éifeacht deiridh agus cheangailteach aige de réir dhlí na hÉireann nó de réir fhorálacha dlíthiúla na tíre ina bhfuil an tOibreoir Eacnamaíoch bunaithe (más taobh amuigh d'Éirinn atá sé), go bhfuil na dualgais sáraithe a bhaineann le híoc cánach agus ranníocaíochtaí coimirce sóisialaí?<br><br>**Tabhair do d'aire:** Más freagra dearfach atá in 1.2 thuas, tabhair breis eolais ar an gcinneadh agus na suimeanna a bhí i gceist | | |

| Eisiafar aon Oibreoir Eacnamaíoch a fhreagraíonn 'Tá' ar aon cheann de na suíomhanna a leagtar amach in ailt 2.1.a go 2.1.i. | | | |
|---|---|---|---|
| **2.1 Léirigh má bhí aon cheann de na suíomhanna seo a leanas i bhfeidhm, taobh istigh de na trí bliana seo caite, nó má tá i bhfeidhm anois, maidir le d'eagraíocht.**<br><br>**Maidir leis an Oibreoir Eacnamaíoch:** | | **TÁ**<br>**Léirigh do fhreagra trí 'X' a chur sa bhosca cuí** | **NÍL** |
| 2.1.a | go bhfuil sé tar éis loiceadh, i bhfeidhmiú aon chonartha phoiblí, cloí leis na dualgais infheidhmithe i réimse an dlí comhshaoil, shóisialta nó saothair a bhí i bhfeidhm san áit a raibh na hoibreacha á gcur i gcrích nó san áit ar cuireadh na seirbhísí ar fáil, mar a dheimhnítear ag an dlí AE, dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna nó ag dlí idirnáisiúnta, comhshaoil, sóisialta nó saothair sa liosta in Aguisín X de Threoir 2014/24 ón AE; | | |
| 2.1.b | go bhfuil sé féimheach nó mar ábhar d'imeachtaí dócmhainneachta nó foirceannta, agus a shócmhainní á riar ag leachtaitheoir nó ag an gcúirt, nó go bhfuil comhaontú déanta le creidiúnaithe, agus a chuid gníomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí nó go bhfuil sé in aon suíomh cosúil a eascraíonn ó imeacht den chineál céanna faoi dhlíthe agus rialacháin náisiúnta; | | |
| 2.1.c | go bhfuil sé ciontach i leith mí-iompar tromchúiseach gairmiúil a fhágann go bhfuil a chaighdeán éiginnte; | | |
| 2.1.d | go bhfuil comhaontuithe déanta aige le hoibreoirí eacnamaíocha eile agus é mar aidhm iomaíocht a chur as riocht; | | |
| 2.1.e | go bhfuil coimhlint leasa aige laistigh de bhrí Alt 24 de 2014/24 ón AE nach bhféadtar a réiteach go héifeachtach trí aon bhearta eile nach bhfuil chomh cunórach céanna; | | |
| 2.1.f | go bhfuil sé tar éis a dheimhniú go raibh páirt aige roimh seo in ullmhú an nós imeachta soláthair a raibh sé mar thoradh air gur cuireadh an comórtas as riocht, mar a thagraítear dó in Alt 41 de 2014/24 ón AE nach bhféadtar a réiteach trí aon bhearta eile nach bhfuil chomh cunórach céanna; | | |
| 2.1.g | go bhfuil sé tar éis a léiriú go raibh easnaimh shuntasacha nó bhuanseasmhacha i bhfeidhmiú riachtanais substaintigh faoi chonradh poiblí roimhe seo, conradh roimhe seo le heintiteas conarthach, nó conradh lamháltais roimhe seo, a raibh sé mar thoradh air gur scoireadh an conradh roimhe seo go luath, go raibh damáistí nó aon smachtbhanna inchomparáide. | | |
| 2.1.h | • go bhfuil sé ciontach i leith mífhaisnéisiú i soláthar na faisnéise a theastaíonn d'fhonn fíorú a dhéanamh ar neamhláithreacht cúinsí eisiata nó d'fhonn na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh; nó<br>• go bhfuil faisnéis den chineál seo coinnithe siar aige, nó nach bhfuil sé in ann na doiciméid tacaíochta a iarrtar faoi Alt 59 de Threoir 2014/24 ón AE a thíolacadh; nó | | |
| 2.1.i | go bhfuil gealltanas tugtha aige:<br>• tionchar míchuí a imirt ar phróiseas cinnteoireachta an eintitis chonarthaigh, nó | | |

<table>
<tr><td></td><td><ul><li>faisnéis faoi rún a fháil a d’fhéadfadh buntáistí míchuí a bhronnadh ar an bhForthairgeoir sa nós imeachta soláthair; nó</li><li>faisnéis atá míthreorach a chur ar fáil go neamartach agus a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chinntí a bhaineann le heisiamh, roghnúchán nó dámhachtain.</li></ul></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa dearbhú seo cruinn agus iomlán de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim. Tuigim go mbeidh sé de thoradh ar fhaisnéis míchruinn nó míthreorach a chur ar fáil sa Dearbhú seo go n-eisiafar m’eagraíocht ó rannpháirtíocht sa tairiscint seo agus tairiscintí amach anseo agus tá sé á shíniú agam thar ceann</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ainm an Oibreora Eacnamaíoch</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Sínitheoir Údaraithe</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Priontáil an t-ainm nó cuir in BLOCLITREACHA</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Grád / Post</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Dáta</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="4">TABHAIR DO D'AIRE Clúdaíonn an téarma Oibreoir Eacnamaíoch coincheapa an Chonraitheora, an tSoláthraí agus an tSoláthraí Seirbhíse go cothrom, bíodh sé mar Iarratasóir/Forthairgeoir nó Rannpháirtí faoi nós imeachta dámhachtana de réir na Treorach cuí um Sholáthar Poiblí.</td></tr>
</table>

# *Aguisín 6: Comhaontú Rúndachta*

Déantar AN COMHAONTÚ SEO ar an [dáta] lá de [mí] 20[bliain] IDIR:

[cuir isteach ainm an Údaráis Chonarthaigh], as cuir isteach an seoladh] (dá dtagraítear "an tÚdarás Conarthach" as seo amach) de chuid amháin; agus

[ainm dlíthiúil an Chonraitheora], de [seoladh le cur isteach ar a shíniú.] (dá dtagraítear "an Conraitheoir" as seo amach) den chuid eile.

**DE BHRÍ**

A. De bhun an Iarraidh ar Thairiscintí dar dáta [cuir isteach an dáta] dar teideal [cuir isteach an teideal] (an "IAT") thug an tÚdarás Conarthach cuireadh roimh thairiscintí ("Tairiscintí") le haghaidh sholáthar na seirbhísí a bhfuil cur síor orthu in Aguisín 1 den IAT ("na Seirbhísí) ("an Comórtas"). Thíolaic an Conraitheoir freagra ar an IAT dar dáta an [cuir isteach dáta na Tairisceana].

Sainaithníodh an Conraitheoir mar an tairgeoir roghnaithe sa Chomórtas.

B. Chun críocha an Chomórtais agus an chonartha a ndámhtar faoi dá éis (más ann dó) ("an Conradh"), cuirfear ar fáil don Chonraitheoir faisnéis áirithe faoi rún ("an Fhaisnéis faoi Rún") mar a chuirtear síos uirthi i gclásal 2 den Chomhaontú seo. Tá an Fhaisnéis faoi Rún faoi rún don Chliant.

**ANOIS COMHAONTAÍTEAR LEIS SEO**, i gcomaoin na suime €2.00 (a admhaíonn an Conraitheoir a fháil leis seo) mar seo a leanas:

1. Aithníonn an Conraitheoir go bhféadann an tÚdarás Conarthach Faisnéis faoi Rún a chur ar fáil dó agus go rialófar gach mír den Fhaisnéis faoi Rún faoi théarmaí an Chomhaontaithe seo.

2. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn "Faisnéis faoi Rún":

2.1 ach amháin má shonraíonn an tÚdarás Conarthach a mhalairt i scríbhinn, an fhaisnéis uile agus aon fhaisnéis (bíodh sé i bhfoirm dhoiciméadach, labhartha, leictreonach, closamhairc, clostaifeadta nó eile, lena n-áirítear aon chóip nó cóipeanna de agus bíodh siad ina n-ábhar eolaíochtúil, tráchtála, teicniúil, oibríochtúil nó eile) a bhaineann leis an Údarás Conarthach, leis an soláthar Seirbhísí faoin gConradh, agus an fhaisnéis uile agus aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil don Chonraitheoir (lena n-áirítear fostaithe, gníomhairí, Fochonraitheoirí agus soláthraithe eile) chun críocha an Chonartha/na gConarthaí; agus

2.2 aon fhaisnéis agus an fhaisnéis uile a baineadh nó a fuarthas ó fhaisnéis a bhfuil cur síos uirthi i bhfo-alt 2.1.

3. Seachas mar a fhéadtar a bheith ag teastáil de réir dlí, chomhaontaíonn an Conraitheoir an méid seo i leith na faisnéise faoi rún:

3.1 caitheamh leis an bhFaisnéis faoi Rún seo mar ábhar faoi rún agus gach céim riachtanach a ghlacadh le cinntiú go gcoinnítear rúndacht na faisnéise seo;

3.2 gan aon chuid den Fhaisnéis faoi Rún seo a chur in iúl na a nochtadh do dhuine ar bith gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón Údarás Conarthach, seachas:

i do na fostaithe, gníomhairí, Fochonraitheoirí agus soláthraithe eile ar bhonn riachtanais; agus/nó

ii d'iniúchóirí agus sainchomhairleoirí gairmiúla an Chonraitheora agus aon duine nó comhlacht eile a bhfuil ceart nó dualgas dlíthiúil orthu rochtain a fháil nó eolas a bheith acu ar an bhFaisnéis faoi Rún i ndáil le gnó an Chonraitheora

AR AN GCOINNÍOLL I GCÓNAÍ go ndéanfaidh an Conraitheoir cinnte go gcuirtear gach duine na daoine agus na comhlachtaí seo ar an eolas, roimh an nochtadh, faoi nádúr rúnda na Faisnéise faoi Rún agus go bhfuil dualgas muiníne acu don Údarás Conarthach; agus go ndéanann siad gach iarracht réasúnta a chinntiú go gcloíonn na daoine nó comhlachtaí seo le forálacha an Chomhaontaithe seo.

4. Ní bhainfidh na dualgais sa Chomhaontú seo le haon Fhaisnéis faoi Rún:

i i seilbh an Chonraitheora (agus an ceart iomlán í a nochtadh) roimh í a fháil ón Údarás Conarthach; é sin nó

ii faisnéis atá ina heolas poiblí nó a éiríonn de bheith ina heolas poiblí ar bhealach eile seachas trí shárú an chlásail seo; é sin nó

iii faisnéis a fhorbraíonn an Conraitheoir go neamhspleách gan rochtain ar nó úsáid as an bhFaisnéis faoi Rún; é sin nó

iv faisnéis a fhaightear go dleathach ó thríú páirtí (agus an ceart iomlán í a nochtadh).

5. Geallann an Conraitheoir:

5.1 cloí le treoracha uile an Údaráis Chonarthaigh i ndáil le húsáid agus feidhmiú na Faisnéise faoi Rún uile agus aon Fhaisnéis faoi Rún nó sonraí (lena n-áirítear sonraí pearsanta mar a shainmhínítear sna hAchtanna Cosanta Sonraí, 1988 agus 2003);

5.2 cloí leis na treoracha uile maidir leis na socruithe áitiúla slándála a mheasann an tÚdarás Conarthach a bheith riachtanach go réasúnta, lena n-áirítear, má theastaíonn, comhlánú doiciméad faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963 agus cloí le haon riachtanais grinnfhiosrúcháin de chuid an Údaráis Chonarthaigh lena n-áirítear ag aon údaráis phóilíneachta;

5.3 ar Fhoirceannadh an Chomórtais (nó an Chonartha) ar cibé cúis, an Fhaisnéis faoi Rún uile a chur ar fáil don Údarás Conarthach, nó faoi threoir i scríbhinn ón Údarás Conarthach, an Faisnéis faoi Rún uile ina sheilbh a scriosadh ar bhealach slán (nó aon chuid nó codanna de a d'fhéadfadh an tÚdarás Conarthach a shainaithint), agus scriosfaidh aon Fhaisnéis faoi Rún a choinníonn an Conraitheoir i bhfoirm leictreonach. Ar iarratas, cuirfidh an Conraitheoir deimhniú ar fáil ina leith má iarrann an tÚdarás Conarthach é i scríbhinn. D'fhonn amhras a sheachaint, folaíonn "doiciméad" doiciméid a

stóráiltear ar mheán stórála ríomhaire agus sonraí i bhfoirm dhigiteach, bíodh siad inléite nó nach ea; agus

5.4 cloí le riachtanais an dlí ar Chosaint Sonraí agus aon treoirlínte a d'fhéadfadh an Coimisinéir Cosanta Sonraí a eisiúint ó am go ham, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don mhéid seo:

i Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus

ii Gach riachtanas AE a eascraíonn (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, forálacha a bhaineann le próiseáil sonraí, ag cinntiú slándáil sonraí agus srianta ar aistrithe sonraí thar lear) agus aon reachtaíocht agus rialacháin a chuireann an méid céanna i bhfeidhm.

6. Ní bhfaighidh an Conraitheoir aon leas dílsithe ná aon leas eile ar chor ar bith san Fhaisnéis faoi Rún a chuireann an tÚdarás Conarthach ar fáil dó agus admhaíonn agus deimhníonn an Conraitheoir an méid céanna.

1. I bhfeidhmiú an Chonartha, ní dhéanfaidh an Conraitheoir rochtain ach ar aon chrua-earraí, bogearraí, bonneagar, nó aon chuid de bhunachair, sonraí nó córas/córais TFC de chuid an Údaráis Chonarthaigh de réir mar a theastaíonn chun críocha an Chomórtais (agus dualgais faoi nó a eascraíonn uaidh) agus go díreach de réir mar a threoraíonn an tÚdarás Conarthach agus ar an gcaoi a n-aontaítear i scríbhinn idir na Páirtithe.

2. Aontaíonn an Conraitheoir go leanfaidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm d'ainneoin aon ordú cúirte a bhaineann leis an gComórtas nó le foirceannadh an Chonartha (má dhámhtar é) ar chúis ar bith.

3. Aontaíonn an Conraitheoir go mbeidh an Comhaontú seo, i ngach gné, faoi rialú agus forléirithe de réir dhlíthe na hÉireann agus leis seo aontaíonn an Conraitheoir chomh maith go bhfuil dlínse eisiach ag cúirteanna na hÉireann aon díospóidí a éiríonn aníos ón gComhaontú seo nó i ndáil leis an gComhaontú seo, a éisteacht agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

SÍNITHE le haghaidh agus thar ceann an Údaráis Chonarthaigh

SÍNITHE le haghaidh agus thar ceann an Chonraitheora

(ar oifigeach údaraithe go cuí é nó í)

Finné Finné